# Guth Ghoill

Luach € 2.00


## Seachtain na Gaeilge 2008

Oíche Ghaelach.



Tráth na gCeist



Maidin Caife



Labhraidh Loingseach





Tiarna an Fháinne

Comórtas Taispeántas Fuinneoga



Céilí



Custer & an Capall Mire



# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar


| | |
|---|---|
| Imeachtaí Seachtain na Gaeilge | 1 |
| Clár | 2 |
| Clanna eile Cheann na Leargaidh. | 3 |
| Oíche Alan Doherty | 8 |
| An Ghaeilge san Eoraip | 9 |
| Breithlá Chití | 10 |
| Máinigh Mhícheál | 11 |
| John Carr - Pearsa Thír Chonaill | 12 |
| Feadaímó | 15 |
| Imeachtaí Chéim Aniar | |
| Maidin Caife | 17 |
| Oíche Ghaelach | 18 |
| Tráth na gCeist | 19 |
| Comórtas Fuinneoga & Drámaí | 20 |

## Clanna eile Cheann na Leargaidh.

***Clann Mhic Giolla Bhride. (Muintir Phaidí Fenny).***

Bhí Paidí Mac Giolla Bhríde no Paidí Fenny mar ab fhearr aithne air agus a bhean Máire ina gcónaí sa dara cottage i gCeann na Leargaidh. An chloigean déag de chlann a thóg siad sa teach seo, seisear mac agus cúigear iníonach. Ar na gasúraí bhí Johnny, Charlie, Paidí Óg, Donchadh, Josie, agus Dónal agus ar na girseacha bhí Máire, Bridget, Ellen, Hannah agus Fanny. Fuair Fanny bás nuair a bhí sí óg.



*Bridget, a máthair Máire agus Dónal.*

Cosúil le cuid mhór teaghlach eile bhí ar a mbunús an tír a fhágáil ar lorg oibre. Ní raibh fá bhaile ach Donchadh a bhí pósta sna Dúnaibh, Paidí Óg a bhí ina chónaí i gCeann na Leargaidh, Ellen a bhí pósta ar John Shéarlaí Róise, agus Máire a bhí pósta i gCarn as Alt ar John Mc Auley. Níl ach beirt den teaghlach seo beo go fóill, Dónal atá beo thall i St. Andrews na hAlban agus Paidí Óg atá san Ionad Chúraim i Rath Mealtáin.

Iascaire a bhí i seanPhaidí Fenny macasamhail fhormhór na bhfear fá cheantar Ros Goill le linn na mblianta a bhfuil muid ag trácht orthu agus chaith sé tréimhse fada ag iascaireacht ar an *Carrigart* fosta. Fear beag miotalach cruaidhdhéanta a bhí ann agus nuair a bhí sé ag



*SeanPháidí Fenny agus Dónal, thuas ar Gháinne.*

dul suas i mblianta ba ghnách leis, nuair a bheadh lá breá Samhraidh ann, é féin a shíneadh thíos ag tóin an gharraí agus an bearád a tharraingt anuas ar mhullach na súile agus cúpla néal a chodladh. Bhí stór scéalta aige, eachtraí a bhain do fhéin, le linn a shaoil iascaireachta agus le linn a shaoil in Albain, agus scéalta a d'insíodh sé óna shamhlaíocht agus ba ghnách leis craiceann maith a chur orthu do pháistí, agus ba é a bhí maith do pháistí. Ag dul ar ais domh cosán na smaointe ní cuimhin liom fearg a bheith air ach ar aon lá amháin. Lá pinsin a bhí ann agus bhí aois bhreá aige ag an am, os cionn na ceithre scór agus tuiairim is bliain sula bhfuair sé bás. Bhí mé féin agus a gharmhac Paidí, nach raibh mórán le dhá bhliain ag an am, amuigh ag tóin an tí le liathróid. Tháinig sé anuas an casán go súgach agus leataobh beag air agus cibé dóigh ar tharla sé bhain an liathróid truisle as agus fágadh é ar shlat chúl a chinn. Bhuail racht feirge é agus tháinig sruth d'fhocla uaidh nach bhféadfaí a chur ar pháipéar!





*Charlie*

Ní raibh mórán tithe san Íochtar ná leoga san Uachtar ach oiread a raibh teilifís iontu ag deireadh na gcaogaidí ach bhí ceann tí Phaidí Fenny. Bhíodh oícheanta ann sna blianta sin a mbíodh an teach lán go doras agus daoine ina suí ar na staighrí. Níl dóigh ar bith a mbeadh an fhoighid agus an dea-thoil chéanna i

lánúineacha óga an lae inniu dá mbeadh orthu cur suas le lán tí darna achan oíche mar a chur Dinis Phaidí Fenny agus a bhean Máire suas leis le linn na mblianta sin agus iad ag tógáil clainne ag an am chéanna. Bhí Dinis pósta ar Mhary Cullen as an Mhaol Ruaidh agus bhí triúr clainne acu, Pádraig, Donchadh agus Máire. Tá siad uilig pósta sa cheantar.

Bhí an teilifís oíche Shathairn thar a bheith maith- The Lone Ranger, Dixon of Dock Green, The Black and White Minstrel Show, Laramie,


Máire, Pádraig agus Donchadh.

agus ag deireadh na hoíche The Third Man.
Bhí Paidí Phaidí Bhuaidhe ina chomharsan ag muintir Phaidí Fenny agus bhí dhá chlár teilifíse ar bhain sé an-taitneamh astu - Perry Mason a bhíodh air oíche Dhomhnaigh agus clár dornálaíochta a ba ghnách a bheith air i rith na seachtaine. Bhíodh suíochán tosaigh aige tí Phaidí Fenny ar na hoícheanta seo. Níl amhras ná gurbh mhór an t-ábhar iontais do dhá sheaniascaire, seanPhaidí Fenny agus Paidí Phaidí Bhuaidhe gléas nua-aimseartha macasamhail na teilifíse a fheiceáil ag deireadh a gcuid laethanta.

Fuair seanPhaidí Fenny bás sa bhliain 1961 agus é os cionn na ceithre scór. Bhí a bhean Máire marbh cheana féin, fuair sise bás i mí na Bealtaine 1954.

Roinnt blianta i ndiaidh do sheanPhaidí bás a fháil d'aistrigh Dinis agus Mary go dtí Ros na Binne agus bhí Paidí Óg sa teach leis féin anois. Bhí cáil ar Dinis mar phríomhchócaire agus d'oibrigh sé ar feadh blianta mar phríomhchócaire in Óstlann Ros na Binne agus nuair a dódh an Óstlann i 1962 chaith Dinis cúpla bliain ag obair i gcaisleán Drumoland i gCo. An Chláir. Ansin nuair a rinneadh an Óstlann a aththógáil tháinig sé ar ais arís go Ros na Binne. Chaith sé roinnt mhaith blianta mar phríomhchócaire in Óstlann Charraig Airt fosta. Fuair Dinis bás sa bhliain 2006 ach tá a bhean Máire i mbarr a sláinte i gcónaí agus cónaí uirthi i Leargán Riabhach in aice lena mac Pádraig.


Dinis

Chaith Paidí Óg a chuid ama ag obair thall agus abhus agus ag iascaireacht. Chaith sé blianta fada ag iascaireacht bradán le Charlie Carr (Charlie John Nochaidh) ar an bhád, an Naomh Columba. Ní raibh fear fán íochtar a d'ith an oiread bia folláin agus a d'ith Paidí Fenny - faochóga, bairní, muiríní, agus breallacha (clams) agus lena chois sin bhí a chuid prátaí agus a chuid glasraí féin aige a d'fhás sé go nádúrtha, ag úsáid feamnach an chladaigh mar leas. Ní raibh lá sa bhliain, ba chuma an aimsir, nach dtabharfadh sé ruaig síos 'na chladaigh. Dúirt sé féin gur bhris sé mallacht Cholmcille mar go bhfuair sé greim ar bhradáin ar an Mhaol Ruaidh ach bhí a fhios aige fhéin go maith gur bradáin feirme a bhí iontu a d'éalaigh ó na feirmeacha éisc níos faide suas an báidhe. Níor ith Paidí féin na bradáin feirme ach bhí neart madaidh fán teach aige i gcónaí agus is fíor a rá nach raibh madaidh in Éirinn a bhí chomh beathaithe agus a bhí cuid madaidh Phaidí - iad beo ar bhradáin feirme. Fear a bhí ann a bhí cóngarach don nádúir fosta mar ba chuma cá háit a gcuirfeadh sé síol i dtalamh d'fhásadh sé. Ba sin an tuige go raibh an oiread sin crainn, plandaí agus bláthanna ag fás thart fán teach aige. Bhí suim mhór aige an t-síol a chuireadh sé a fheiceáil ag cur a chloigeann os cionn an talaimh agus bród as cuimse air á thaispeáint duit. Tá sé os cionn na ceithre scór anois agus é ag fáil an chuid is fearr de chúram san Ionad i Rath Mealtáine. Bhí comhrá breá agam leis cúpla seachtain ó shin agus chuir sé iontas an domhain orm an chuimhne iontach atá aige. Agus tá neart greann ann go fóill !!


Paidí


# Clann Uí Bhuaidhe.



*Paidí agus Annie.*

Sa cheathrú cottage bhí cónaí ar Phaidí Ua Buaidhe (Paidí Phaidí Bhuaidhe) agus a bhean Annie. Ba as Dún Dúbháin a tháinig Paidí agus bhí sé pósta ar Annie Dochartaigh as Gleann Úraí. Pósadh iad sa bhliain 1915. Bhí naonúr clainne 'tí Phaidí Bhuaidhe, ochtar iníonach agus mac amháin. Bhí Sarah, Mary Ellen, Paidí, Annie, Rosie, Bridget, Madgie, Treasa, agus Josephine.
Bhí am amháin ann agus bhí an t-iomlán acu thar lear ach amháin Madgie a bhí pósta i nGleann Rí ar Mhick Mc Gettigan agus Sarah a bhí ina cónaí lena hathair agus lena máthair i gCeann na Leargaidh. Bhí iníon Sarah, sin Ann, ina cónaí leo sa chottage fosta. Ba i Sasana a bhí an chuid eile den chlann, cuid acu in Bolton, cuid acu in Bedford agus an chuid eile acu i Londain. Ba ghnách leo a theacht 'na bhaile go rialta ar laethanta saoire le linn an tSamhraidh nuair a bhí a n-athair agus a máthair beo.

Nuair a chuireann muid trí chlann a d'fhás aníos i gcuideachta a chéile i gCeann na Leargaidh - Clann Mhic Giolla Bhríde, Clann Uí Luodhóig, agus Clann Uí Bhuaidhe bhí ochtar is fiche ar fad eatarthu. Fuair Fanny Phaidí Fenny bás óg agus amach as an seachtar is fiche eile d'imigh duine is fiche acu thar sáile. Nach damánta agus nach náireach do thír ar bith an staitistic sin.
Iascaire a bhí in Paidí Phaidí Bhuaidhe agus chaith sé tréimhse fada ar an Carrigart fosta. Dúirt a iníon Annie Rooney gur dhúirt sé féin go raibh sé ag iascaireacht agus gan é mórán le dhá bhliain déag. Sa bhliain 1894 nuair a bhí Paidí seacht mbliana d'aois bádh a athair, Paidí a bhí air fosta, agus a dheartháir Frank agus iad ar churach amuigh i mBáighe Thrá na Rossan ag iascaireacht gliomach. Ní raibh Frank ach seacht mbliana déag, an dara duine ba shine sa teaghlach. Bhí bean Phaidí, Sally Dhónaill, fágtha anois agus clann mhór le tógáil aici, ochtar mac agus beirt iníonach, agus is cinnte go ndearna sí seo go héifeachtach le clann a raibh a mbunús iontach óg ag am na tubaiste.
Nuair a bhí Paidi óg bhíodh sé anonn agus anall go hAlbain macasamhail aos óg eile an cheantair. Le linn an ama seo chuaigh sé isteach i gcabhlach trádála na Breataine (Merchant Navy). Ba seo le linn an chéad Chogaidh. Bhí sé ar chriú cheann de na longa a chuaigh isteach sna Dardanelles go Gallipoli 1915 le saighdiúirí a thabhairt amach.
Iníon de Den Ua Dochartaigh as Gleann Úraí ab ea Annie. Thiocfaí a rá go bhfuil an teach suite ar an suíomh is deise san Íochtar. Díoladh an seanteach inár rugadh agus inár tógadh í blianta ó shin agus is lánúin ón Ostair (Austria) atá ina chónaí ann anois agus tá an teach coinnithe acu díreach mar a bhíodh sé sa tseanam.
Tá cuimhne mhaith ag Annie Rooney a bheith ag imeacht sios go Gleann Úrai agus go dtí an Corrach leis an asal, le linn blianta a hóige, fá choinne malach trioplóg a fháil, i ndiaidh di a theacht na bhaile ón scoil. Seo turas tuairim is trí mhíle. Dár ndóigh cha dtiocfadh leí a dhul sios an bealach sin gan ruaig a thabhairt isteach chuig a máthair mhór i nGleann Úraí, Máire Phaidí Dhonnchaidh Mhóir. Corr uair chuireadh a máthair mhór 'na tsiopa í agus bhíodh uirthi a theacht ar ais go siopa Mhaggie Cháitríona agus ar ais go Gleann Úraí agus ansin imeacht agus malach trioplóg a líonadh agus a theacht ar ais go Ceann na Leargaidh. A Dhia!



*Sarah*

nach ag aos óg an lae inniu atá an saol bog. Agus mar a dúirt Annie í féin nach seo an cineál oibre a d'ullmhaigh iad go maith don tsaol a bhí rompu. Nuair a bhí sí óg ba ghnách leí féin agus cuid eile den chlann fanacht thíos corr uair ag a máthair mhór. Nuair a bhíodh siad amuigh le cónascar ag súgradh nó ag tabhairt abhaile na lachain deireadh a n-uncail Dinis leo a theacht isteach, nár chóir dóibh a bheith amuigh sa dorchadas ar eagla go bhfaigheadh an rón greim orthu. Ba seo dóigh a bhí aige, is dócha, lena chintiú nach rachadh siad chóir na farraige mar bhí an teach go díreach os cionn Bháigh Ghleann Úraí. Ansin san oíche ba mhinic a bhíodh Annie ina luí agus nuair a chluineadh sí fuaim na dtonn ag briseadh isteach ar thrá Ghleann Úraí bhuaileadh eagla í mar shíleadh sí gurbh an rón a bhíodh ann ag teacht fána coinne.

Fuair Paidí Phaidí Bhuaidhe bás ar an naoú lá déag de Dheireadh Fómhair 1968 agus é ceithre bliana agus ceithre scór, agus dheamhan i bhfad ina dhiaidh sin, an ceathrú lá fichid de mhí na Samhna a fuair a bhean Annie í féin bás, bás b'fhéidir le cumhaigh ina dhiaidh. Ní raibh Annie ach ocht mbliana agus na trí scór.

Cúpla bliain i ndiaidh do Phaidí agus d'Annie bás a fháil d'imigh Sarah agus Ann go Bolton fosta. Bhí a dteach i gCeann na Leargaidh druidte ansin go dtí an bhliain 1979 nuair a tháinig Annie agus a fear céile Frank Rooney 'na bhaile leis an chuid eile dena saol a chaitheamh san áit ar rugadh agus ar tógadh Annie. Rinne siad cóiriú álainn ar an teach agus chaith Frank a chuid ama fána chuid gairdíní agus cé go raibh suim ar leith aige sa chineál sin oibre ba mhór an mhaise dó na glasraí, na crainn agus na bláthanna a d'fhás sé. Fear suaimhneach, lách, neamhurchóideach a bhí in Frank, fear a raibh a chroí sa nádúir. Fuair Frank bás in Aibreán na bliana 2007 in aois a nócha agus a ceathair. Tá a bhean Annie beo beathach i gCeann na Leargaidh go fóill, bean éirimiúil a bhfuil cuimhne den scoth aici, atá lán scéalta, agus seanchais agus a thug leíthe cuid greann a hathar. Gura fada a mhairfidh sí mar sin. Tá beirt dheirfiúir eile dá cuid beo go fóill fosta, sin Madgie agus Josephine.


Frank

## Clann Uí Luodhóg/Clann Mhic Laifeartaigh.

Bhí cónaí ar Johnny Shéamais agus a bhean Cití sa tríú Cottage. Dearthái do Phádraig Shéamais, athair Johnny an Piolóta a bhí in Johnny Shéamais. Ba as Cill Chartha dá bhean Cití. Ochtar clainne a bhí acu, Neil Joe, John James, Danny, Bridie, Nellie, Annie, agus an cúpla Sophie agus Cití.

Bhí an chlann macasamhail achan chlann eile in Iarthar Dhún na nGall, bhí siad spréite ar fud na cruinne. D'obair Neil Joe i mbádchlós Mhíobhaigh ar feadh tréimhse ach chríochnaigh sé suas i gCabhlach Trádála (Merchant Navy) na hÉireann agus bhí cónaí air i gCorcaí. Chuaigh Danny go dtí an Astráil agus bhí an chuid eile acu fá Shasana.

Fuair Johnny Shéamais bás sa bhliain 1946 agus gan é mórán le deich mbliana agus na trí scór ag an am. Bhí iníon leo Nellie pósta in Leicester agus thug sise an mháthair anonn le cónaí leo thall ansin. Ba seo an bhliain chéanna a chuaigh Annie Rooney go Londain don chéad uair, anonn chuig a deirfiúr Mary Ellen a bhí thall cheana féin. Thug an bheirt acu ruaig suas go Leicester go bhfeicfeadh siad Cití. Dúirt Annie go raibh sé truacánta a bheith ag éisteacht leí agus an chumhaigh a bhí uirthi don bhaile. Bhí sí croíbhriste a bheith ar shiúl as baile ag deireadh a cuid laethanta i measc na gcoimhthigh. Chrothnaigh sí an baile agus a comharsana uaithi go mór agus ba é barúil Annie nár shocair sí thall i gceart ariamh.

Tháinig clann Mhic Laifeartaigh go dtí an Cottage sin ansin sa bhliain 1947. Ba sin Donchadh Hughie Den a bhí pósta ar Fina Mhicí John (Nic Giolla Bhríde) as Gort na Luchóg. Pósadh Donchadh agus Fina i nGlaschú sa bhliain 1941 agus tháinig siad 'na bhaile an bhliain ina dhiadh sin. Chuaigh siad a chónaí i dteach Mhary Friel, teach atá ansin go fóill agus é suite ar an choirnéal ar a dtugtar coirnéal theach Stone air. Cúigear clainne a bhí acu, Máire, Eibhlín, Annie, Micheál agus Hughie. Tá Eibhlín pósta i gCaiseal Mumhan; tá Micheál in ord na gCairmilíteach i mBaile Loch Riach agus tá an triúr eile pósta fán cheantar. Hughie an t-aon duine den chlann a rugadh i gCeann na Leargaidh.



*An Jack Buchan.*

Chaith Donchadh an chuid ba mhó dena chuid ama ag iascaireacht i ndiaidh dó theacht 'na bhaile, i



*Donchadh Hughie Den agus a athair Hughie Den ag iascaireacht ar an "Pride of Dooey".*

dtús báire lena athair Hughie Den agus ansin sa bhliain 1956 chuaigh sé ag iascaireacht le Georgie Buchan ar an bhád iascaireachta an Jack Buchan. Chaith an Jack Buchan bunús an ama ag iascaireacht amach as na Cealla Beaga agus as Ailt a'Chorráin ach ag deireadh na bliana 1957 shocraigh an Jack Buchan agus cúig bhád eile as cabhlach iascaireachta na gCealla Beaga go dtabharfadh siad aghaidh ar Dhún Mór Thoir i gCo. Phort Láirge ag tús na bliana úire, áit a raibh iascaireacht mhór scadán ar siúl ann ag an am. Tháinig na bádaí isteach na nDúnaibh oíche na seanbhliana ar a mbealach go Dún Mór Thoir. Bhí siopa ag John Buchan, deartháir le Georgie, sna Dúnaibh agus chuir na bádaí stór mór bia ar bord don turas. Tháinig beirt de na hiascairí a bhí ar an Jack Buchan, James White agus James Byrne go Ceann na Leargaidh timpeall a dó a chlog ar maidin le Donchadh a phiocadh suas. Cuireadh an chlann uilig ina suí le slán a fhágáil ag a n-athair agus is beag a shíl siad go raibh siad ag fágáil slán don uair dheireanach.

## *Dún Mór Thoir.*

Seachtain a chaith siad ar an fharraige ar a mbealach go Dún Mór Thoir mar go raibh an aimsir thar a bheith garbh ag an am. Rinne siad iascaireacht mhór ar feadh sé seachtaine agus ansin bhuail tréimhse gaoithe moiré an cósta thoir theas. Bhí na bádaí ceangailte suas ag an chéidhe ar feadh an deireadh seachtaine ón 7ú go dtí an 10ú Feabhrá agus drochbhail a thabhairt orthu ag na gaotha anoir aneas mar nach raibh foscadh ar bith ag an chéidhe ón ard gaoithe seo. Timpeall an 3 a chlog ar an deichiú lá shocraigh Georgie go mbeadh níos mó foscaidh thuas an báidhe ag céidhe Phort Láirge. Lá gaoithe móire le roisteacha farraige móire a bhí ann. Comhairlíodh do na hiascairí go raibh an chontúirt ann agus go raibh caill ar an lá ach scaoileadh na rópaí. Ba í an Jack Buchan an chéad bhád a chuaigh amach barr na céidhe agus ní mó ná go raibh an chéidhe glanta aici nuair a bhuail cnapán farraige go fealltach í a chur í thar a corp. Luigh an bád leathbháite san uisce; caitheadh an dá fhear a bhí ar deic an bháid san fharraige; bádh fear acu, Benny Armstrong, an fear ab óige den chriú ag seacht mbliana déag. Sábháladh an fear eile, John James Lyons, nuair a chaith an Máiread, an bád a bhí ag teacht ina ndiaidh, rópa chuige i ndiaidh dó a theacht aníos go barr na farraige agus is cinnte go raibh deacrachtaí móra acu é a fháil ar bord mar gheall ar fhiantás na farraige. Tá sé beo go fóill i gCill Chartha. Bhí triúr eile, James White, James Byrne, agus Donchadh Hughie Den gabhta istigh i mbolg an bháid agus Georgie sa teach rotha agus ní raibh a dhath a thiocfaí a dhéanamh dóibh, ní raibh dóigh amach acu. In achar ghoirid níodh an bád isteach ar na carraigeacha agus rinneadh smionagar di. Cúigear ar fad a cailleadh.

## *Drochscéala i gCeann na Leargaidh.*

Lá gaoithe móire agus fearthainne a bhí ann fá na Dúnaibh fosta an lá céanna agus lean sé isteach san oíche. San am sin ba rud neamhghnách a bhí ann cnag a bhualadh ar dhoras sul a rachfaí isteach i dteach ach i dtrátha cheathrú don seacht bualadh cnag trom ar dhoras theach Fina i gCeann na Leargaidh. Thit an teach 'un ciúnais agus nuair a fosclaíodh an doras shiúil An Sáirsint Boylan agus John Mac A'tSaoir (John Thuathail Steafáin) isteach. Bhí siad i ndiaidh a bheith istigh tí Phaidí Phaidí Bhuaidhe ag súil go dtiocfadh Annie, sin bean Phaidí, leo le cuidiú leo an drochscéala a bhriseadh ach ní raibh Annie istigh, bhí sí thuas i nGleann Rí ag a iníon Madgie. Ní raibh an teachtaireacht a bhí leis an bheirt fhear furasta a iompar ná furasta a thabhairt. Tháinig comharsana isteach agus dúradh an paidrín.

De réir a chéile fuarthas na coirp ach bhí faire fhada tí Fina mar nach bhfuarthas corp Dhonchaidh ariamh. Tráthnóna amháin le conascar i ndiaidh do na coirp eile uilig a bheith faighte chonacthas corp san fharraige faoi bhun na mbeann cóngarach don chéidh ag Dún Mór Thoir. Rinneadh tréan iarrachtaí an corp a thabhairt i dtír ach bhí farraige chraosach ann agus ní raibh sí sásta a thuilleadh a thabhairt uaithi. Ar maidin lá arna mhárach bhí an corp imithe. Bhí Donchadh sé bliana agus daichead. Fuair a bhean Fina bás i mí na Bealtaine

2002.

Díoladh an teach sa bhliain 1979. ‘Siad Pat Doherty as Rye agus a bhean Sorcha Nic Pháidín (Sarah Mhícheáil) as Dumhaigh atá ina gcónaí sa teach anois.

* * * *



Fina & Donchadh taobh amuigh den teach sna Caogadaí.

## Oíche Alan Doherty

Bhí oíche mhór d’Alan Doherty i dTeach Thrá Mór ar an Aoine an 22 lá Feabhra. Bhí na sluaite daoine i láthair agus de réir cosúlachta bhain achan duine sult as an oíche. Sé an rud a bhí i gceist leis an oíche ná airgead a bhailiú d’Alan le díol ar son obráidí atá le fáil aige go fóill. Is dóiche go bhfuil a fhios ag achan duine faoi scéal Alan faoin am seo, ach go bunúsach rugadh Alan gan smigead nó teanga.




De thairbhe sin caithfidh sé análú trí phíobán ina scornach. Fosta níor ith Alan béile ariamh nó níor ól sé deoch go nádúrtha ina shaol. Rinne tuismitheoirí Alan obair iontach le hé a choinneáil beo agus caithfidh mé a rá gur fear óg iontach atá tógtha acu. Déanann Alan a chuid comhrá trí úsáid méarchlár agus as a bheith ag caint leis thig liom insint díobh nach fear óg é seo a bhfuil trua aige dó féin. Téann Alan ar aghaidh lena shaol agus níl a dhath a dhíobháil air ach smigead sa dóigh is nach mbeidh achan duine ag amharc air. Thóg muid €13,500 ar an oíche agus taispeánann sin go bhfuil muintir an pharóiste seo fíor fhlaithiúil ar ócáidí mar seo. Tá shúil agam go gcuidíonn an t-airgead go mór le hAlan.



I lár an phictiúir seo tá Katie Uí Shiail (Ní Chonchúir), máthair mhór Jimí John Phaidí, ach cé h-iad na daoine eile sa phictiúr? Má tá aithne ag duine ar bith agaibh orthu, nó ar aon duine acu, bheadh muid buíoch dá gcuirfeá scairt orainn san oifig anseo ar 9154830.

**Is treise dúchas ná oiliúint.**

# An Ghaeilge san Eoraip



*Parlaimint na hEorpa*

Tugadh aitheantas don Ghaeilge mar theanga oifigiúil agus mar theanga oibre de chuid an Aontais Eorpaigh ón chéad lá d'Eanáir 2007. Ach ní aitheantas iomlán atá ann. Ar feadh cúig bliana, tá teorann leis an méid oibre a bheidh déanta i nGaeilge. Ní bheidh ach céatadán beag de na doiciméid oifigiúla aistrithe go Gaeilge i rith na tréimhse sin, agus beidh athbhreithniú ar an scéal ag deireadh an ama sin. Anois an t-am le bheith ag cinntiú go ndéanfar an réamhobair le cinntiú go mbeidh an Rialtas sásta stádas iomlán ceart a lorg i gcionn ceithre bliana.

Tá córas iomlán ateangaireachta ar fáil i bParlaimint na hEorpa, agus nuair a labhraíonn duine de na Feisirí i nGaeilge, aistrítear a gcuid cainte isteach sa Bhéarla ar an bpointe. Tá 785 Feisire Eorpach sa Pharlaimint, agus mar sin, níl an oiread sin deise acu labhairt ró-mhinic. Labhraíonn Sean Ó Neachtain agus Bairbre de Brúin i gcónaí i nGaeilge, agus na daoine eile ó am go ham, ach tá siad ag teacht isteach air de réir a chéile. Deirtear liom gur labhair níos mó acu i nGaeilge go dtí seo i mbliana ná anuraidh.

Tá trí cinn is fiche de theangacha oifigiúla oibre san Aontas Eorpach, cé go bhfuil seacht dtíortha is fiche mar bhaill anois, ach is í an Fhraincis teanga Lucsamburg agus na Beilge (níl stádas oifigiúil ag an Phléimeannais), an Ghréigis san Chipir agus an Ghearmáinis san Ostair. Le tamall anuas, tá cuid mhór cainte sa tír seo faoin chostas atá leis an aistriúchán, agus gur airgead amú atá ann. Mar chuid de chaiteachas iomlán an aontais, níl ach deor iontach bheag caite. Eagraíocht ollmhór an tAontas, ina bhfuil go leor rannóga – An Coimisiún, An Pharlaimint, Comhairle na nAirí, An Chúirt, Cúirt na nIniúchóirí, An Banc Infheistíochta Eorpach na príomh chinn. Tá a mbuiséad féin leagtha amach do gach institiúid, foireann dá gcuid féin acu agus a gcuid freagrachtaí féin. Thiocfadh leat a rá go bhfuil an Coimisiún cosúil leis an stát sheirbhís, leis na ranna, no DGs, ag plé le talmhaíocht, iascaigh, gnóthaí sóisialta, oideachas agus rl agus mar sin is an Coimisiún atá freagrach as an cuid is mó den chaiteachas. Tá chóir a bheith leath de bhuiséad iomlán an Aontais caite ar thalmhaíocht, mar shampla. Níl i mbuiséad iomlán na Parlaiminte ach céatadán beag den bhuiséad iomlán, agus gan ach tuairim is 1% de bhuiséad na Parlaiminte caite ar aistriúchán. Tá aistritheoirí Gaeilge fostaithe anois ag an Choimisiún, ag an Pharlaimint agus ag an Chomhairle, ach i gcomparáid leis na teangacha eile, níl mórán acu ann.

Is i Lucsamburg atá rannóg aistriúcháin na Parlaiminte, ina n-aistrítear na doiciméid. Níl ach triúr aistritheoirí Gaeilge ansin, cionn is nach bhfuil ach méid áirithe doiciméad le haistriú, agus tá siadsan istigh faoi scáth aonaid an Bhéarla. Tá thart fá leath chéad i bhfoireann aistriúcháin na dteangacha eile, idir aistritheoirí agus rúnaithe. Cuireann an tAontas cuid den obair amach ar chonradh chuig aistritheoirí seachtracha.

Tá an t-eolas uilig ar shuímh idirlín na Parlaiminte agus an Choimisiúin a aistriú go Gaeilge, agus beidh fáil ar sin amach anseo. Má tá fonn ort scríobh i gceann ar bith de na teangacha oifigiúla chuig roinn ar bith de chuid an Aontais faoi ábhar ar bith, gheobhaidh tú an freagra ar ais sa teanga inár scríobh tú. Scríobh chucu i nGaeilge! Bhéarfaidh sin le fios dóibh gur teanga bheo atá againn, a bhfuil daoine ag baint úsáide aisti.

*Parlaimint na hEorpa*



Taobh amuigh den Aontas Eorpach, tá suim mhór sa Ghaeilge mar theanga bheo Cheilteach sna tíortha eile, agus tá an Ghaeilge mar ábhar staidéir i gcuid de na hOllscoileanna. Tchínn siad an bhuntáiste a bheadh leis an Ghaeilge ó thaobh fostaíochta



*Lucsamburg*

san Aontas. Faoi láthair, tá Ollscoil Adam Mickiewicz i Poznan na Polainne ag cuartú beirt léachtóir sa Nua-Ghaeilge sa bhreis ar an triúr atá ann i Roinn na Ceiltise. Tá ranganna Gaeilge ar siúl go leor áiteanna, agus i mí na Bealtaine anuraidh, bhí teacht le chéile i Frankfurt na Gearmáine ag a raibh ceithre scór duine as achan chearn den Eoraip agus ionadaithe ó na heagrais Gaeilge anseo in Éirinn- rugadh "Gaeltacht Europe". Rinne Roinn na Gaeltachta agus eagraíochtaí na Gaeilge anseo urraíocht ar an ócáid, chomh maith le hAmbasáid na hÉireann i mBeirlín. Tá grúpa ansin i Frankfurt, DI-GRM- Deutsch Irische Gesellschaft Rhein-Main, a chuireann an Ghaeilge agus cúrsaí Gaelacha chun tosaigh, fear darbh ainm Marcus Metz ina bhun, fear a d'fhoghlaim a chuid Gaeilge anseo i dTír Chonaill agus a thagann anall go minic. Bhí na cainteoirí as an Ghearmáin agus as an Ostair chomh líofa, agus b'fhéidir níos líofa, ná muid féin.

Sílim go minic go bhfuil níos mó measa ar an teanga s'againne ag daoine as tíortha eile ná tá againn féin. Tá bás na Gaeilge a thuar le céad bliain, ach tá sí beo go fóill. Is orainn féin atá an dualgas go mbeidh sí aitheanta mar theanga láidir, ag glacadh a háit i measc teangacha móra eile an domhain.

*Peigí Ryder.*

*Bhuel Bhuel!! Bhí Cáit (Ní Shibhleáin) Uí Dhomhnaill seasca ar an séú lá de mhí Eanáir.*

Is doiligh é a chreidbheáil go bhfuil Cáit seasca. "Ní amharcann tú lá ar bith de a Cháit". Ba bhreá an dá oíche a chaith muid i dTeach Thrá Mór, ag ceiliúradh a lá breithe. Bhí sé cosúil le bainis as Toraigh. Bhí neart bia agus craic, go leor le ól, agus cheol muid agus dhamhsaigh muid go dtí lár na hoíche. Míle buíochas do Stiofán, Róisín agus an fhoireann uilig. D'amharc sibh inár ndiaidh go han-mhaith.



Baineadh preab millteanach as Cáit nuair a chonaic sí an slua a bhí ansin roimpi agus ghlac sé tamall fada di fáil thairis. "Tá sé tamall maith a Cháit ó chuir muid ceann trasna ortsa". Caithfidh muid gan dearmad a dhéanamh ar d'fhear chéile, Joe, mar bhí breithlá tábhachtach aige féin fosta. "Sin a bhfuil le rá agam fá sin a Joe"!!



"Bhuel a Cháit, tá súil againn gur thaitin an ceiliúradh leat. Bhí sé tuilte go mór agat. Tá súil againn fosta go mbeidh go leor blianta sonasach eile agat agus go nglacfaidh tú é go socair anois agus an ghrian ag dul síos ar chúl Thoraigh!!".

Comhghairdeas leat a Cháit, ón teaghlach uilig.



## *Máinigh Mhícheáil.*

*Rugadh Máinigh i nDúmhaigh ar 29 Meitheamh, 1908 agus fuair sé bás ar 6 Nollaig, 2007. Rugadh agus rinneadh faire air sa teach céanna. Suaimhneas síoraí tabhair dó a anam a Thiarna.*

*Bhí aois mhór aige agus bheadh muid uilig sásta dá ndéanfadh sé an céad ach tá mé cinnte go raibh fhios ag Máinigh go raibh a thuras déanta, agus bhí sé sásta glacadh le saoirse na síoraíochta. Shleamhnaigh sé uainn ag deireadh na bliana chomh ciúin socair cosúil mar a shleamhnaigh sé a churach go heasca éadrom suaimhneach go minic tráthnóna samhraidh isteach ar Thrá Bháin Dhumhcha.*

*Chuaigh Máinigh mar pháiste go scoil Dhoire a' Chasáin nuair a bhí sé seacht mbliana d'aois agus d'fhan sé ansin go raibh sé seacht mbliana déag. Sna blianta deireanacha ba i rith an gheimhridh a rachadh sé. Dúirt sé fhéin go raibh suim mhór aige sa scoil agus gur fhoghlaim sé go maith. Bhí sin soiléir ag duine ar bith a rinne comhrá leis. Bhí a eolas féin agus a thuairimí féin aige. Níor lean sé an tréad ariamh! Ba duine neamhspleách a bhí ann. Bhí suim aige sna rudaí a bhí ag tarlú ina phobal fhéin agus sa domhan mór.*

*De réir an tseanfhocal "An té a bhíonn siúlach bíonn siad eolach - nó scéalach" Bhí Máinigh eolach agus scéalach. Chaith sé cuid mhaith dá shaol leis an ghutáil. Thosaigh sé sna Dúnaibh sa bhliain 1927 agus rinne sé an séasúr deireanach sa bhliain 1976. Lean sé na scadáin i mbailte iascaireachta ó Lerwick sna Shetlands síos go Lowestoft agus Yarmouth. Thosaigh an séasúr thuas i Lerwick i mí na Bealtaine agus chríochnaigh sé thíos i Yarmouth ag Samhain. Cha deachaigh Máinigh ariamh ar fostú 'na Lagáin. Nuair a chuir mé ceist air fá sin dúirt sé nár mhaith leis a bheith scoite leis fhéin, a bheith ina dhuine aonarach ar fostú ag feirmeoir. B'fhearr leis i bhfad, cé go raibh an obair crua agus salach, an chuideachta agus an saol sóisialta a bhí aige gach séasúr i measc lucht an ghutála.*

*Bhí scéalta aige fá rudaí a tharla i rith na séasúr sin. Bhí Séarlaí Mór (Séarlaí John Fheargail) leis bliain amháin díreach i ndiaidh an chogaidh. San am sin bhí bia agus gach rud eile breá gann. Is cosúil go raibh nóisean ag bean an tsiopa do Shéarlaí agus ba eisean a chuaigh chun an tsiopa achan lá leis an bhean bhocht a chur faoi dhraíocht agus earraí a fháil don chriú! Bhí scéal eile aige fán lá ar shíl an póilín i Londain gur dídeanaithe Giúdach a bhí i scaifte acu. Ba é sin i bhfómhair na bliana 1938. Labhair Máinigh ar a son agus chuir sé ar an eolas ceart é. "We're not refugees" a dúirt sé, "We are Irish Fish Workers".*

*Fé mar a bheifeá ag brath ó dhuine a rugadh agus a tógadh ar imeall na farraige, bhí dlúth-cheangal ag Máinigh léithe. Chuaigh sé amach sa churach don chéad uair lena athair nuair a bhí sé seacht mbliana d'aois agus bhí sé seacht mbliana agus ceithre scor ar a thuras deireanach. Ansin fhéin sílim go raibh ar an teaghlach na rámhaí a chur i bhfolach le é a choinneáil sa bhaile. Ach ní raibh eagla ar bith ar Mháinigh, mar a dúirt sé fhéin "Cha rachainn amach ach nuair a bheadh tráthnóna breá ciúin ann"*

*Bhí coinsias sóisialta ag Máinigh agus chuir sé isteach chomh mór air an masla agus an droch íde a tugadh do mhná agus iad i mbun an ghutála. Bhí orthu obair ó dhubh go dubh agus go minic d'éireodh siad go luath le haire a thabhairt don teaghlach sula siúlfadh siad chun na nDúnaibh le dhul i mbun oibre. Bhí beagán foscaidh ar na stáisiúin, gan leithreas acu nó áit le cupa tae a fháil. Mar an gcéanna leis an iascaireacht. Bhí iascairí a gcur fhéin i gcontúirt agus iad ag tabhairt lastaí*

*maithe éisc chun na cé, agus ag deireadh an tséasúir fuair na hiascairí céanna an beagán airgid ar son a saothar. Ba mhinic Máinigh ag caint fá rudaí mar seo agus fearg air mar nach bhfuair na hoibrithe seo a gceart.*

*Den chloigeann déag a bhí sa teaghlach tá duine amháin beo go fóill. Is í sin Sarah. Tá sí i mbarr a sláinte agus go fada buan go raibh an saol aici.*

*Tá Máinigh imithe ar shlí na fírinne agus imithe leis 'na huaighe tá cuid mhór de stair na háite. Bhí cruinn eolas aige ar chladaí, chosáin, chreagacha agus chnoic an cheantair. Tuigeann muid anois nach bhfuair muid go leor den eolas sin uaidh. Cuireann sé an chéad véarsa de dhán le Seán Ó Ríordáin, dar teideal "Rian na gCos" i gcuimhne domh.*

*Anois ba mhaith liom bualadh leis*
*Nuair nach féidir é,*
*Ó dheas a ghaibh sé an mhaidin sin,*
*Aneas ní thiocfaidh sé.*

*Suaimhneas síoraí agus solas na Glóire tabhair dó a anam dil.*

* * *

## John Carr – Pearsa Thír Chonaill, 2008



*John Carr.*

I mo sheasamh ag feitheamh le bus na nDúnaibh, agus mé lán áthais, chuaigh mo smaointe ar ais chuig am nach mbeadh mórán áthais ort agus tú ag fanacht le himeacht ar bhus na nDúnaibh. Le sin tharraing an bus suas. Joe Shéimí agus Páidí Bhoydie a bhí ann in áit Johnny Birney agus Jim Carr. Chuir siad mo mhála sa "bhoot" agus bhordáil mé an bus mar go raibh slua glórmhar gliondrach ag tabhairt aghaidh ar Óstán City West i mBaile Átha Cliath, áit a raibh Cumann Thír Chonaill ag bronnadh an gradam "Pearsa Thír Chonaill" ar John Carr as Gorta Móra, Ard-rúnaí an I.N.T.O. Nuair a thuirling muid den bhus ag "City West", bhí Joan, bean chéile John, ansin ag cur fáilte romhainn, agus mhothaigh muid uilig cosúil le V.I.P's.



*Joan, John, Bridie agus Éamonn*


Bhí ruaille buaille, gáire, magadh agus callán creathnach sa "foyer" agus daoine nár chas ar a chéile le blianta ag pógadh agus ag déanamh croí isteach ar a chéile agus iad uilig áthasach glórach. Bhí bunábhar oíche go maidin ann, gan dabht. Bhuel, seachas sos beag nuair a chuaigh achan duine le hiad féin a choiriú agus a dhéanamh suas, sin mar a chuaigh an tráthnóna, an oíche agus leoga an mhaidin lá arna mhárach, go dtí gur fhág muid an óstán le haghaidh a thabhairt ar ais ar an bhaile.



*Gearóid Ó Luadhóg, John agus Pádraig Ó Luadhóg.*

Tháinig an oíche. Líon an halla mór suas go mall callánach. Go mall, a deirim, mar bhí sé rí-dhoiligh an dream a bhogadh ar shiúl ón bharra. Bhí daoine ag rith ó bhord go bord nuair a tchífeadh siad cara nó duine muinteartha, daoine eile ag siúl thart ag cuartú a gcairde agus chá raibh sin furasta mar bhí 700 againn cruinnithe sa halla galánta seo. An chéad rud a chiúnaigh síos muid nó pictiúir ar an scáileán mór de na Dúnaibh, agus báid bheaga ag

seoladh go suaimhneach síos na bá. Nuair a thosaigh an ceol binn brónach "Away behind the Rosses Hills the sun sank down to rest", chluinfeá pionna ag titim sa halla mór lán sin.



*Marietta & Seán Ó hOireachtaigh agus Joe Shéimí.*

Bhain Liam Mac Diarmada, Oifigeach Cumarsáide an Chumainn, buntáiste as an tost le tús a chur le hobair oifigiúil na h-oíche. Labhair sé fá shlí beatha John agus a bhfuil bainte amach aige, ar a bhfuil déanta aige, an slí a oibríonn sé go dícheallach i gcónaí le leigheas a chur ar chúrsaí oideachais, agus ar an slí nach ndéanann sé dearmad ariamh gur as Contae Dhún na nGall é. Labhair Aodh Ó hEarcáin as an Chraoslach, Cathaoirleach an Chumainn, agus rinne sé cur síos ar shaol John ó d'fhág sé Scoil Dhoire a' Chasáin. Bhí Timlín Ó Cearnaigh ag déanamh agallamh le Mícheál Mac Aodh fá John nuair a bhí sé ina ghasúr beag ar an scoil. Bhí John sa chéad rang a theagasc Mícheál nuair a tháinig sé go Scoil Dhoire a' Chasáin. Bhí pictiúir de John, den scoil, de theach a thuismitheoirí agus lear mór eile ar an scáileán mór, agus darna achan seal ligeadh osna mór Ah-! ah-!-. Dúirt Mícheál go bhfuil bród mór air as a dhálta clúiteach, mar a bheadh leoga ar Mhadgie Ned agus Jack, beirt mhúinteoir eile den scoth, ach faraor nach maireann. Bhronn Síle Nic Fhionnghaile, Uachtaran an Chumainn, an Gradam ar Sheán, agus nuair a bhí deireadh ráite acu uilig, labhair sé féin.



An chéad rud a dúirt sé ná go raibh muid uilig inchurtha le chéile inár n-óige sna Dúnaibh – 'sé sin go raibh muid uilig bocht. Rud leoga a bhí. Níor rugadh aon duine againn le spúnóg airgid inár mbéil ach rud amháin atá cinnte, rugadh John le teanga ór ina bhéal. Labhair sé faoina mháthair, a athair, a dhearthái r, a chomharsana, a mhúinteoirí, faoin timpeallacht, faoin cheantar, faoin teanga, agus faoi gach rud dearfach álainn a raibh tionchar acu ar an duine atá ann anois. Chuir sé fáilte ar leith roimh Dan Logue, 'sé



*Joan, Cáit & Dan Ó Luadhóg, agus John.*

sin Dan John Eoghain, an t-aon uncail atá fágtha aige. Ag éisteacht leis, bhí sé furasta a fheiceáil gur fear é a bhfuil meas mór aige ar na rudaí atá tábhachtach. Níl a fhios agam cén fhad a labhair sé, ach nuair a chríochnaigh sé, an rud amháin a bhí i mbéal achan duine ná nach n-éireofá tuirseach 'choíche ag éisteacht leis. Agus, mar a déarfadh siad ar an Bhaile Lár "Chan den leac a ligh sé 'n líofacht".

Bhí achan duine aontaithe go bhfuil sé ar óráidí chomh maith is atá sa tír. Tá sé paiseanta fá Ros Goill agus tá sé mar chuspóir aige daoine a mhealladh chun na h-áite agus méadú a dhéanamh ar thionscail na turasóireachta sa cheantar. Is mór an bród a bhí orainn uilig ag éisteacht le John agus nuair a bhí deireadh ráite, agus craobh ghloine criostal ina ghlac, fuair sé bualadh bos iontach ón slua a bhí uilig anois ins seasamh ar a gcosa ag cheeráil in aird a gcinn. Ansin thosaigh muid ag ithe agus arís, béile iontach. "Rogha gach bidh agus sean gach dí". Bhí Séamas Mac Aodha as Gaoth Dobhair ag cur an cheoil ar fáil agus chá raibh dhá nóta buailte aige go



*Nóirín, Finola, Dymphna, Máire agus Eibhlín*

raibh achan duine amuigh i lár an urláir. Bhí muid ag damhsa, ag ól, ag glacadh grianghraf, ag comhrá, an t-aos óg ag amharc chun cinn, an tseanmhuintir ag dul siar na blianta chuig a n-óige, agus char stad an damhsa go raibh sé chorr a bheith a trí a' chlog ar maidin. Ach bhí sin luath. Lean an siamsa ar aghaidh sa bharra, áit a raibh Francie Ó Cuilinn agus Maria Nic Giolla Chomhaill ag ceol,



*Olivia & Proinsias Ó Cuilinn agus Ída & Joe*

ceoltóirí breátha, agus choinnigh siad an craic ag gabhail agus chuir siad aoibh iontach ar achan duine. Sa deireadh, cheol John Carr é féin "The road to Malinmore", agus chan i gcúl an dorais a bhí sé ach oiread nuair a bhí an ceol a thabhairt amach. An bhfuil rud ar bith nach bhfuil an fear seo ábalta a dhéanamh? Chuaigh an chuid deireanach againn a luí am inteacht roimh éirí na gréine agus d'fhan John agus Joan ansin ag beannú oíche mhaith orainn go dtí nach raibh aon duine fágtha.

Thart fán deich a' chlog maidin Dé Domhnaigh, thosaigh an bricfeasta, an callán, an craic agus an banter arís. Chá raibh amhail ag aon duine ar an bhaile, nó ar an aistear go Tír Chonaill. D'fhág muid slán lena chéile trí nó ceithre huaire. Bhí an bus ag gabhail go Cill Dara chuig an chluiche. Bhí John ag doras an óstáin agus caithfidh go raibh sé marbh tuirseach, ach bhí miongháire mór air agus é ár gcuir slán abhaile. Bhí muid uilig ag fágáil na háite, ní mar a chuaigh muid, ach sé orlach níos airde, lear blianta níos óige, agus níos mó neart inár ngéaga.



*John & Paidí Bhoydie - Maidin lá arna mhárach.*

Is cúis mór ceiliúrtha dúinne i Ros Goill an gradam seo atá bronnta ar John. Guímis rath agus rathúnas agus coisriceadh Dé air. Sean nós nach maireann, a bhí sna Dúnaibh, ná an chéad mhac a ainmniú i ndiaidh a athair mór. Cha raibh caismirt ar bith fá ainm John. John a bhí ar an bheirt athair mór. Nach bródúil a bheadh siad inniu, sea, John Nohie agus John Eoghain.

*Finola Harte.*









# Feadaímó


*Carraig Airt*

Tá Feadaímó ar an aonach i gCarraig Airt, agus ní don chéad uair dó; ach ba seo an chéad uair dó a bheith ag díol ainmhí, agus tá sé breá neirbhíseach faoin rud uilig. Ní hionann na haontaí ag an am sin agus aontaí an lá inniu. Ní raibh ceantálaithe ar bith le do ghnó a chur i gcrích duit, agus bhí ort seasacht ar do chonlán féin. Thug Ambrose Mór a' Lagáin, ceannaitheoir clúiteach, Feadaímó faoi deara agus dhírigh sé isteach air. Bhí Feadaímó i ndiaidh a shúil a leagan ar chailín óg dhóighiúil agus bhí sé faoi dhraíocht nuair a thosaigh Ambrose ag labhairt leis. Shíl Ambrose anois go bhfaigheadh sé an bua ar an fhear óg gan buaireamh ar bith agus leoga bhí an slua a bhí ag leanstan an cheannaitheora den tuairim céanna; ach ní mar a shíltear a bítear i gcónaí.


Nuair a bhuail Ambrose buile eile ar ghualainn Fheadaímó agus dúirt "hoi, a ghasúir, tá mé ag caint leat", bhris an buile an draíocht ina raibh Feadaímó gafa agus gan choinne bhuail sé cnag ar ghualainn Ambrose a chur eisean ar ais píosa. "Labhair leat a ghuilpín gan mhúineadh", a dúirt Feadaímó, "tá mé ag éisteacht leat anois". D'aithin Ambrose ón bhuile gur fear láidir a bhí os a chomhair ach ní neart coirp a sheasfadh dó sa choimhlint seo ach intinn aibí agus teanga ghéar.

Chroith sé a ghuaillí agus thóg sé a dhá lámh in airde. "Ciúnas, a chairde. In ainm Dé, nach bhfeiceann sibh go bhfuil ainmhí le díol ag an fhear óg seo. Ligigí dó labhairt". Thiontaigh sé thart ansin ag amharc ar an slua agus bhí lúcháir air nuair a chonaic sé go raibh achan duine ag éisteacht leis. "An bhfaca sibh ariamh ainmhí cosúil le seo ar aonach Charraig Airt. Tá mise ag freastal ar an aonach seo ó bhí Napóilean ina ghasúr agus chan fhaca mé a leithéid de bheithíoch ar shráid an bhaile bhig seo". Thosaigh cuid de na daoine ag gáirí agus choinnigh Ambrose ag dul leis an sruth cainte. "Chuir Wellington múineadh ar Napóilean ag Waterloo trí bliana ó shin agus sílimse, le hamharc uirthi, go raibh an t-ainmhí seo istigh i lár an chatha sin". Bhris racht gáire ón slua, rud a tharraing tuilleadh airde ar chruachás Fheadaímó. "An bhfuil sin ceart, a dhiúlaigh", a dúirt sé, "ar chaill an ainmhí seo a hadharc i Waterloo"?

Shiúl sé thart ar an bhó. "Ó Lorda, amharc ar ruball s'aici. An raibh seisreach ceangailte don ruball sin agat, a Stócaigh"? Rinne sé caochadh súil le fear eile a bhí ina sheasamh ansin agus na scairteanna gáirí ag titim as. "Cad é do bharúil, a Alex, an dtabharfá leathphingin ar an bhó seo"? "Bhuel, a Ambrose, an bhfuil sé socraithe agat gur bó atá ann"? a d'fhreagair Alex agus thosaigh an bheirt acu ag gáirí.

Ar an drochuair do Fheadaímó, bhog an bhó rud beag chun tosaigh agus bhí sé soiléir do achan duine go raibh sí bacach. Idir sin agus longadán a ceann, bhí cuma creathnach garbh uirthi. Thosaigh siosarnach cainte i measc an tslua agus iad ag feitheamh ar an chéad ionsaí eile ó Ambrose. Bhain Ambrose an hata mór dó, ghlan sé deoir allais óna éadan agus chuimil sé a bhlagaid lena lámh sular chur sé é ar ais. Bhí sé ag baint suilt as an mhaidin agus ní raibh deifre ar bith air. "Éistigí liom", a scairt sé. "Tá bó an bhalbháin bacach. An ar bharra rotha a fuair tú í an fhad seo"? a dúirt sé go searbhasach le Feadaímó?

D'éist Feadaímó go foighneach leis an seitgháirí agus chuir sé iontas air chomh socair is a bhí sé ag mothú. D'amharc sé thart ar an slua agus d'aithin sé lear de na daoine a bhí bailithe thart orthu. Cé gur fear áitiúil a bhí i bhFeadaímó ní bheadh cuidiú ar bith ag teacht a bhealach uathu. Cinnte bhí meas acu dó ach sa choimhlint seo le Ambrose, bhí sé uilig faoi chlisteacht intinne agus ghliceas focal. Bhí an cumas sin aige nó ní raibh. Ní raibh baint ar bith ag seo le neart coirp, agus dá mbeadh, bhí go leor fir láidre sa pharóiste nach raibh unsa céille idir na cluasa acu. Rachadh na daoine uilig na bhaile tráthnóna agus an scéal iomlán leo. Bhí Feadaímó Phaidí Dhomhnaill cliste nó ní raibh, bhí sé ábalta a fhód a chosaint in éadan na gceannaitheoirí nó ní raibh.



D'amharc Ambrose isteach i súil Fheadaímó, ag súil le go bhfeicfeadh sé faitíos nó náire ach in áit sin chonaic sé fear gan eagla, ina raibh féinmhuinín go smior ann agus intleacht ag amharc ar ais chuige gan caoch ina shúil.

"Inseoidh mé duit cad é a dhéanfaidh mé, bhéarfaidh mé praghas fairiáilte duit ar an bhó". Thost an slua agus theann siad isteach. "Bhéarfaidh mé seacht scilling duit uirthi", a dúirt sé, agus ná bí ag súil le go n-ardóidh mé an tairiscint sin, mar, cha ndéanaim".

"Bhuel, a Ambrose", a dúirt Feadaímó, "is fada an lá thú ag freastal ar na haontaí seo agus cosúil leis an bhó seo tá cúpla rud caillte agat le haois. Tá adharc amháin caillte ag an bhó agus tharla sin di agus í ag cosaint a gamhain ó bhó mire a bhris isteach sa chuibhreann lá amháin. Nach dtaispeánann sin duit gur bó í seo a bhfuil spiorad inti. Tá adharc caillte aici cinnte, ach cad é'n difear a dhéanann sin do chaighdeán cuid bainne s'aici. Ní chuireann sé isteach ná amach ar an bhó. Clúdaíonn do hatasa do bhlagaid ach cha raibh dúil ar bith ag an bhó don bhairéad a chuir mé uirthi maidin inniu.

Thosaigh an gháire agus chuaigh monabhar fríd an slua. Bhí a fhios acu uilig go raibh Ambrose tógálach ó thaobh a bhlagaid de. Dhearg aghaidh Ambrose ach choinnigh sé smacht ar fhéin. Tchím go bhfuil tú ábalta labhairt, a Ghasúir. Is maith sin, bheadh sé doiligh gnó ar bith a dhéanamh le balbhán.

"Ní bheidh mise ag déanamh gnó ar bith leatsa", a Ambrose, a dúirt Feadaímó. "Tá do thairiscint tugtha agus tá sin anois diúltaithe. Coinnigh do sheacht scilling sprionlaithe agus ceannaigh cúpla cearc duit féin thíos ag bun na sráide. Anois, bog leat, mar tá bó le díol agamsa". Dhírigh Ambrose a mhéar ar Fheadaímó. "Éist thusa liomsa" a dúirt sé, ach bhris Feadaímó isteach air. "An bhfuil tú bodhar, a Ambrose, nó an rud é nach bhfuil focal agat. Tá sé ráite agat nach n-ardófá do thairiscint agus glacaimse le sin". Chuir Feadaímó suas a lámh le cosc a chur le hAmbrose agus d'amharc sé thart ar an slua. "Nach bhfuil fíor-cheannaitheoir i bhur measc ar chor ar bith? Duine a mbeadh a fhios aige cad é rud í bó bhainne". Shiúl sé thart ar an bhó, "ná bígí buartha fá ruball s'aici, amharcaigí ar an úth sin. Sin úth a bhíonn lán achan mhaidin agus lán arís achan thráthnóna". Chuaigh sé síos ar a ghlúin agus thosaigh sé ag bleán na bó. Tháinig an bainne uaithi ina tuile, ansin thiontaigh Feadaímó an ballán agus bhuail sé Ambrose idir an dá shúil le sruth bainne agus phléasc an gáire thart

orthu. Sheas Feadaímó, "sin an méid a shíleann sí de do thairiscint, a Ambrose", a dúirt sé. "B'fhéidir gur bhfearr duit bogadh sula mbaineann sí úsáid as an adharc amháin atá aici". Lig an bhó géim aisti ag an bpointe sin, rud a chur leis an ghreann. "Anois, mar a bhí mé ag rá, ucht lán, dhá uair sa lá de bhainne agus dhá orla de uachtar ar bharr achan bhuicéad. Agus sula ndéanaim dearmaid, fathach de ghamhain tógtha aici achan bhliain. Níor dúirt mé ariamh go raibh sí dóighiúil, ach caitheann sí a cuid ama uilig idir an chuibhreann is an bóitheach is ní fheiceann an oiread sin daoine í. Cha raibh sí ariamh ar Aifreann linn agus má bhí tórramh nó bainis fán cheantar d'fhág muid an bhó sa bhaile". Chuaigh an gáire agus an comhrá fríd an tsráid. Bhí lúcháir orthu fear a fheiceáil ag seasacht a fhód in éadan Ambrose. Labhair Feadaímó amach go hard, agus thost an slua arís. "Caidé'n mhaith é bó dhá adharc le curls ar a ruball muna bhfuil an bainne ag teacht uaithi ach braon ar bhraon". D'ardaigh sé a ghlór arís agus é ag amharc thart.

"Cá bhfuil an ceannaitheoir a bhfuil bó bhainne a dhíth air? Tháinig scairt ón taobh eile den tsráid. "Cá mhéad a ghlactha ar an bhó iontach seo, a Stócaigh"? Thiontaigh achan duine agus tháinig fear caol, ard chun tosaigh. Bhí hata mór air agus bhí cóta trom crochta ar a sciathán aige. Strainséir a bhí ann, rud a mhéadaigh suim na ndaoine, agus thug siad fairsinge do theacht chun tosaigh. "Tá sé creathnach dímhúinte briseadh isteach ar ghnó beirte agus



iad i mbun oibre", dúirt Ambrose. "Tá do ghnósa críochnaithe i dtaca leis an fhear óg seo, de réir mar chluinimse cibé", dúirt an strainséir. Chuir sé amach a lámh chuig Feadaímó. "Mícheal Ó Dubhaigh m'ainm agus tá a fhios agam gur Feadaímó atá ortsa. Chuala mé d'ainm luaite ag cuid de na daoine". "Cad é mar atá tú, a Mhicheáil", a dúirt Feadaímó, "chuir tú ceist agus bhéarfaidh mé freagra". Dírigh sé a mhéar ar Ambrose.

"Thug an sprionlóir sin seacht scilling mar thairiscint ar mo bhó. Mar sin de, ní glacfaidh mé leathphingin níos lú ná guinea agus ocht scilling uirthi". "Cad chuige nár dúirt tú guinea agus seacht scilling"? a dúirt Micheál. D'amharc Feadaímó air agus bhain sé dó a bhairéad. "Mar, m'ainm le Dia, is guinea agus seacht scilling a bheas na bhaile liomsa tráthnóna, agus tá lá fada romham ar an aonach. Áit costasach is ea aonach agus clúdóidh scilling na costaisí sin domhsa". Thosaigh Mícheál ag gáire agus chuir sé a lámh ina phóca. "Bhéarfaidh mise guinea is seacht scilling duit ar an bhó" a dúirt sé, "ach íocfaidh tusa as do spraoi féin". Tharraing sé mála beag leathair óna phóca agus chuntas sé amach roinnt airgid.

"Ní maith duit a bheith ag cuntas" dúirt Feadaímó, "chuir mé a luach uirthi agus sin sin". Chuir Micheál amach a lámh chuig Feadaímó. Bhí guinea coróin agus leathchoróin ina lámh. " Beidh do lá amuigh agat ar réal nó fánfaidh tú ar cheannaitheoir eile, a Fheadaímó", a dúirt sé. Thaispeáin sé an mála do Fheadaímó. "Má chuirimse an t-airgead ar ais sa mhála, ní fheicfidh tú arís é. Déan do chinneadh, a Ghasúir, tá mo lámh ag éirigh trom". Chuir Feadaímó amach a lámh agus thug Mícheál an t-airgead dó. "Char mhaith liom an lá a chur amú imo sheasamh anseo" a dúirt Feadaímó. "Agus b'fhéidir fosta nach dtiocfadh ceannaitheoir eile chomh eolach leat mo threoirse go ceann tamaill". Chuir sé an t-airgead ina phóca, chaith sé seile ina lámh agus dúirt, "cuir ansin é". Chaith Micheál seile ina lámh féin agus chroith siad lámha. Bhí an margadh déanta agus bhí Feadaímó breá sásta. Bhí a fhios aige i ndeireadh an lae go raibh fiúntas na bó faighte aige agus b'fhéidir leathchoróin sa bhreis. Bhuail Néill Dhoncha Mhóir buile ar ghualainn Fheadaímó. "Buile fir" a dúirt sé leis, "lean tú an dream ceart go leor". Chroith Séamaí Sheáin Óig a lámh leis. "Munar mhiste leat, a Fheadaímó, thig leat mo bhósa a dhíol fosta." Chuir Feadaímó, suas a lámh, "stad", a dúirt sé. Tá mo sháigh de sin déanta agam do lá amháin". D'amharc sé thart ach cha dtiocfadh leis an cailín óg a fheiceáil. Níor thuig sé cad chuige a chur sin isteach chomh mór sin air mar níor leag sé súil uirthi, ach ar feadh soicind nó dhó, don chéad uair maidin inniu. Thug sé an téad do Mhicheál, "seo chugat do bhó", a dúirt sé, "ní ligfidh sí síos thú".

Thosaigh an slua ag briseadh suas nuair a labhair Ambrose. " Ní mhairfidh tú i bhfad mar cheannaitheoir faoin taobh seo tíre, a dhiúlaigh, más sin an cineál airgid atá tú sásta a chaitheamh air ainmhí den tsórt sin. Ní bheidh toistiún de bhrabach agat uirthi". Stad achan duine, b'fhéidir nach raibh seo thart go fóill.

D'amharc Mícheál ar Ambrose agus meangadh beag gáire ar a aghaidh. "Níl aithne agam ort agus ón mhéid a chonaic mé, níl mé ag iarraidh aithne a bheith agam ort. Chonaic mé go leor de do shamhail agus tá a fhios agam go bhfuil tusa anseo chun rud amháin a dhéanamh, a Ambrose. Sin í an phingin is lú a thabhairt do na daoine seo ar na hainmhithe atá leo. Bhuel, ní hamhlaidh atá sé liomsa. Cheannaigh mise an bhó seo domh féin, agus is maith atá a fhios agam gur ainmhí maith atá inti. Tá mise sásta leis an mhargadh a rinne mé agus ní chuireann sé isteach nó amach orm fá caidé a shíleann tusa". Bheir sé ar théad na bó agus thiontaigh sé. " Ó, a Fheadaímó, thobar go dear mé dearmaid, is í seo mo iníon Gráinne". Chuir sé amach a lámh agus tháinig an cailín galánta, a thug sé faoi deara níos luaithe amach as an slua. Sheas sí le taobh a athair, bhí mionghháire ar a béal agus í ag amharc ar Fheadaímó. Ní raibh Feadaímó ábalta labhairt.

Sheas sé ansin mar bhalbhán agus labhair Micheál arís. "Abair 'hello' léi, a Fheadaímó, ní bhainfidh sí greim asat". Rinne Feadaímó iarracht ansin, agus thit 'Hello' beag íseal as a bhéal. "Tá píosa talamh glactha agam ar an taobh seo de Ghleann, a Fheadaímó, b'fhéidir go dtabharfá cuairt orainn am éigin", a dúirt Micheál. Chuir seo iontas ar Fheadaímó. "Déanfaidh mé sin cinnte" a dúirt sé.



Beidh an Chuid eile ins an chéad eagrán eile.

# Seachtain na Gaeilge

## *Maidin le Caife*

Mar cheann de na h-imeachtaí a bhí a reáchtáil ag Céim Aniar do Sheachtain na Gaeilge bhí Maidin Caife as Gaeilge againn in Áras Ros Goill.




Tá muid fíorbhuíoch dóibh sin uilig a tháinig amach, a chuidigh linn, agus a rinne an bácáil sobhlásta.






Anna Mhic Rodaí, lena mic Pól agus Conchúir ag glacaint an seic don charthanacht “Anam Cara”.



Bhí lúcháir orainn go raibh slua mór i láthair, in ainneoin na drochaimsire, agus tógadh €500 ar an lá, airgead atá ag dul chun tairbhe na carthanachta “Anam Cara”, (tacaíocht méala do thuismitheoirí agus a gcuid páistí).







## Oíche Ghaelach.

Tá na hOícheanta Gaelacha atá a reáchtáil ag Céim Aniar ag dul ó neart go neart. Ó chuir muid an chéad cheann i láthair i mí na Samhna 2004 bhí lear rudaí éagsúla ó thaobh an chultúir agus ó thaobh na teanga de mar phríomh-théama ar na hoícheanta seo, ach caithfidh mé a rá go pearsanta nár bhain mé oiread suilt as oíche ar bith eile agus a bhain mé ón oíche dheireanach a bhí againn sa Síbín Ceoil ar an 7ú Márta i mbliana. Bhí na páistí óga ó Scoil Naomh Bríd agus Scoil Cholmcille ag seinm ceoil le Siún agus rinne siad jab iontach. Níl aon amhras faoi dtaobh de ná go mbeidh cumas go bráth ag na páistí amach anseo. Lena chois sin ba seo an chéad uair a bhí amhránaíocht mar théama na hoíche. Níor lig na páistí síos muid.
Sheas cuid acu ina n-aonar, sheas cuid eile acu i ngrúpaí beaga agus ag deireadh na hoíche sheas siad uilig le







chéile agus iad ag ceol amhráin thraidisiúnta Thír Chonaill.
Tá bóthar fada inár ndiaidh ó b'éigean dúinn páistí a thabhairt isteach ó Ghaeltachtaí eile le dánta a rá agus le hagallaimh beirte a dhéanamh. Bhí sé mar sprioc i dtólamh againn go mbeadh daoine áitiúla







den chuid is mó agus go hairithe páistí an pharóiste seo ag déanamh na hagallaimh agus ag rá na dánta agus ag ceol na n-amhrán ar na hoícheanta seo, agus tá lúcháir orm a rá go bhfuil rudaí ag seoladh an dóigh sin. Bhí go leor oícheanta filíochta againn agus beidh arís. Bhí oícheanta againn do na hagallaimh beirte fosta agus d'éirigh linn anois an píosa deireanach a chur isteach leis an chlár a chríochnú nuair a cheol na páistí sa Síbín. Tá moladh mór tuilte ag Caitlín Ní Mhaoileoin ar son na hoibre a rinne sí leis na páistí a spreagadh agus le iad a fháil réidh don oíche. Buíochas fosta do Shiún ar son na hoibre atá sí ag déanamh leis na páistí i dtaca le ceol de, do na h-iarscolairí a bhí ag seinm, agus do na damhsóirí iontach.
Is filíocht a bheas mar phríomh-théama an chéad Oíche Ghaelach eile i mí na Bealtaine ach






tá mé den bharúil go mbeidh cúpla amhrán le chluinstin fosta. Tá súil againn go mbeidh sibh uilig ansin chun tacaíocht a thabhairt do na páistí.





Bhí Tráth na gCeist a reáchtáil againn ón 28 Samhain 07 go dtí an 5 Márta 08. Sin seachtain déag agus bhain achan duine sult as na hócáidí sóisialta seo. Bhí lúcháir orainn gur ghlac an oiread sin foirne páirt sa tsraith agus go háirithe gabhaimid buíochas leis na foirne sin a bhí ansin achan oíche ag coraíocht leis na ceisteanna.



Cluain tSaileach

Bhí an babhta deireanach i dTeach Thrá Mór agus ba é foireann Ros na Binne le Stiophán Ó Sibhleáin, John Ó Cathasaigh agus Peadar Mac Giolla Bhríde buaiteoir an oíche sin.
Ba é foireann Dhun Dúbhain le Charlie Mac Laifeartaigh, Gearóid Ó Luadhóg agus Eddie Mac Rodaí a bhuaidh an comórtas iomlán le foireann na Muirleoige, ina raibh Caitlín Uí Mhaoileoin, Mairtín Ó Cathasaigh agus Alfie Ladley, sa dara háit. Bronnadh seic de €600, an t-airgead a tógadh thar an oíche dhéag, ar Chumann Naomh Uinseann de Pól. Tá súil againn sibh uilig a fheiceáil ar ais i gcomórtas 2009.



Míobhaigh



Dun Dúbhain - Na buaiteoirí.



An Mhuirleog

*Ar dheis tá Angela Mhic Taidhg agus Caitlín Mhic Laifeartaigh ag glacaint an seic do Chumann Naomh Uinseann de Pól.*









*Do Sheachtain na Gaeilge bhí comórtas fuinneoga siopaí agus gnóanna sna Dúnaibh agus Carraig Airt agus seo thuas an buaiteoir, Siopa Mhic Íomhair i gCarraig Airt. Comhghairdeas libh.*


## Na Drámaí 2008

*Chuir Scoil Naomh Bríd, na Dúnaibh dhá dhráma ar an ardán, "Custer agus an Capall Mire" le rang 1 agus rang 2 agus "Tiarna an Fháinne" le rang 3 agus rang 4, sa Ghrianán i Leitir Ceanainn, ar an Domhnach an 9 Márta. Comórtas na mBunscoileanna a bhí ar siúl agus d'éirigh leo dul fríd go dtí Féile Uladh ar an 6 agus an 7 Aibreán. Bhí slua mór i láthair ag an ócáid seo agus bhain achan duine sult as an lá. Maith sibh a pháistí.*



*Beidh tuilleadh faoi na drámaí sa chéad eagrán eile.*






Bíonn sé milis a fháil
ach searbh a dhíol.
(Iasacht)